Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Feabhra 2018
(OR. en)

6544/18

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0350 (COD)

CODEC 257
EF 53
ECOFIN 177
SURE 12
PE 23

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2016/97 maidir le dáta cur i bhfeidhm bhearta trasuí na mBallstát.<br>- Toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa,<br>(An Bhruiséil, 28 Feabhra go 1 Márta 2018) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an sainchomhad seo ar an gcéad léamh d'fhonn an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

Sa chomhthéacs seo, rinne an rapóirtéir, Werner LANGEN (EPP-DE), leasú amháin ar an togra le haghaidh Treorach a chur i láthair, ar son an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

## II. VÓTÁIL

Caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 1 Márta 2018 agus glacadh an leasú (leasú 1) ar an togra le haghaidh treoir trí vótáil aonair. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[2].

Léirítear le seasamh na Parlaiminte ar comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ar an gcuma sin, ghlacfaí an gníomh agus an fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte ann.

---

[2] I dtaca leis an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach, rinneadh na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a cuireadh ar an togra ón gCoimisiún a mharcáil ann. Aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún, déantar é a léiriú le ***cló trom agus cló iodálach***. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

## Dáileadh árachais: dáta chur i bhfeidhm bhearta trasuí na mBallstát ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Márta 2018 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2016/97 maidir le dáta cur i bhfeidhm bhearta trasuí na mBallstát (COM(2017)0792 – C8-0449/2017 – 2017/0350(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0792),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) d'Airteagal 53(1) agus d'Airteagal 62 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0449/2017),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 14 Feabhra 2018 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, de réir Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A8-0024/2018),

A. de bhrí, ar chúiseanna práinne, go bhfuil údar maith ann dul ar aghaidh leis an vóta sula rachaidh an tréimhse ocht seachtaine in éag mar a leagtar síos in Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm;

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8_TC1-COD(2017)0350**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 1 Márta 2018 chun go nglacfaí Treoir(AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2016/97 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm bhearta trasuí na mBallstát**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Márta 2018.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] déantar comhchuibhiú ar na forálacha náisiúnta maidir le hidirghabhálaithe árachais agus comhlachtaí árachais, agus a gcuid fostaithe, agus idirghabhálaithe coimhdeacha árachais san Aontas táirgí árachais agus táirgí atháracais agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a dháileadh.

(2) De bhun Airteagal 42(1) de Threoir (AE) 2016/97, tá na Ballstát chun na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir sin a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 23 Feabhra 2018.

(3) An 21 Meán Fómhair 2017, ghlac an Coimisiún Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/2358[5] agus (AE) 2017/2359[6] lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/97.

(4) Sna cinntí a rinne sí gan aon agóid a dhéanamh i dtaca le Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/2358 agus (AE) 2017/2359, thug Parlaimint na hEorpa cuireadh don Choimisiún togra reachtach a ghlacadh ina leagfaí síos an 1 Deireadh Fómhair 2018, seachas an 23 Feabhra 2018, mar an dáta a ndéanfaí na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Treoir (AE) 2016/97 a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm. Mar bhunús leis an iarraidh sin, luaigh Parlaimint na hEorpa gur gá do ghnóthais árachais agus dáileoirí árachais tuilleadh ama a bheith acu le hullmhú níos fear chun Treoir (AE) 2016/97 a chur chun feidhme go ceart éifeachtach, agus chun na hathruithe teicniúla agus eagraíochtúla is gá a chur chun feidhme chun Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/2358 agus (AE) 2017/2359 a chomhlíonadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2016/97 a leasú dá réir sin,

---

4 Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lch.19).

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2358 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maoirseacht agus rialachas táirgí le haghaidh gnóthais árachais agus dáileoirí árachais (IO L 341, 20.12.2017, lch 1.)

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2359 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha iompair gnó is infheidhme maidir le dáileadh táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (IO L 341, 20.12.2017, lch 8).

(6) ***I bhfianaise a ghiorra atá an tréimhse atá fágtha sula mbeidh na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin náisiúnta is gá chun Treoir (AE) 2016/97 a chomhlíonadh le tabhairt i bhfeidhm, agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus aon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh a sheachaint, ba cheart don Treoir seo teacht i bhfeidhm go práinneach agus ba cheart feidhm a bheith aici, le héifeacht chúlghabhálach, ón 23 Feabhra 2018.***

***(7) Dá bharr sin, tá údar freisin leis an eisceacht i gcomhair cásanna práinneacha a chur i bhfeidhm sa chás seo, is eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,***

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir (AE) 2016/97 mar a leanas:

(1) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"1. Faoin ***1 Iúil*** 2018, glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh na Ballstáit na bearta sin i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2018 ***ar a dhéanaí***.";

(2) in Airteagal 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"Aisghairtear Treoir 2002/92/CE, arna leasú leis na Treoracha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát a bhaineann le teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

***Beidh feidhm aici, le héifeacht chúlghabhálach, ón 23 Feabhra 2018.***

*Airteagal 3*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*